



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

[publicjobs.ie](http://publicjobs.ie)



**An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**  
**Public Appointments Service**

D'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chéad uair in 2013  
don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

© 2013 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chraoladh i bhfoirm ar bith  
nó ar shlí ar bith, go leictreonach nó go meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh  
nó aon chóras stórála eolais nó aisghabhála gan cead scríofa  
ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

## CLÁR ÁBHAIR

<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>3</b>
<b>Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh</b>	<b>4</b>
<b>An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí</b>	<b>6</b>
<b>Ár Ról</b>	<b>11</b>
<b>Ag Cur le n-ár Saineolas i dtaca le Roghnú</b>	<b>13</b>
<b>Ath-implonú</b>	<b>21</b>
<b>Inniúlachtaí Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí</b>	<b>23</b>
<b>Straitéisí Tacaíochta Imheánacha</b>	<b>26</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>32</b>

## Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Foirne, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí don bhliain 2012 a chur i láthair.

Léirigh PAS go bhfuil siad inoiriúnaithe agus solúbtha agus iad ag obair le cliant chun freastal ar a gcuid riachtanas sa tréimhse seo atá de shíor ag athrú. Ag an am céanna laghdaigh an eagraíocht leibhéal na n-acmhainní agus costas go mór. Laghdaigh PAS líon na mball foirne de réir an Chreat Rialála Fostaíochta, agus bhain siad an úsáid is fearr as ár n-acmhainní trí phróisis gnó leasaithe agus as níos mó úsáide as teicneolaíocht (lena n-áirítear forbairtí leanúnacha den chóras iarratais ar líne agus tástáil ar líne).

Bhí bliain dhúshlánach ag PAS i mbliana agus creidim gur éirigh leis seirbhísí tábhachtacha earcaíochta agus roghnaithe ar ardchaighdeán a sholáthar do chliant do chineálacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí. D'éirigh le PAS an stíl ar leith earcaíochta don tseirbhís phoiblí a choinneáil agus a dhéanamh go gairmiúil agus ar ardchaighdeán, a bhí cothrom agus neamhchlaonta, ina ndearnadh iarracht i gcónaí sár-sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ag shlí nuálaíoch a chinntíonn luach ar airgead.

Sa bhliain 2012 bhí teagmháil shuntasach le Coiste na gCeapachán Ardleibhéal chun cabhair a thabhairt maidir lena chuid feidhmeanna chomhlíonadh i dtaca le hearcaíocht oscailte ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Chuir PAS feabhas le saineolas inmheánach maidir le hiarrthóirí ar ardchaighdeán a lorg agus a mhealladh taobh amuigh agus taobh istigh den earnáil phoiblí. D'éirigh le PAS líon níos mó iarratasóirí oiriúnacha a mhealladh ón dá earnáil chuig an próiseas iarratais.

Tugadh freagracht iomlán do PAS as an phróiseas ath-implonaithe i mí Aibreáin 2012 mar thacaíocht do thiomantas an Rialtais chun acmhainní seirbhíse poiblí a ath-eagrú le díriú ar na réimsí ina raibh an gá is mó. Úsáideadh modhanna réamhghníomhacha agus tugadh sain-chuidiú d'eagraíochtaí a bhí ag lorg baill foirne agus dóibh siúd ar theastaigh uathu poist a fháil do bhaill foirne nach raibh de dhíth, agus dá bharr sin rinneadh dul chun cinn maidir le hath-implonú (tugadh poist do 369 ball foirne i ngach earnáil roimh dheireadh na bliana 2012).

Feidhmíonn PAS mar lárionad acmhainní do sheirbhísí comhroinnte agus leanadh ar aghaidh le clár na seirbhísí earcaíochta comhroinnte, rud a spreag líon mór eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun saineolas PAS a úsáid chun cabhrú le hearcaíocht agus roghnú agus chun costais a shábháil. Léiríonn an éagsúlacht sna heagraíochtaí ar thug PAS cuidiú dóibh in 2012 chomh héifeachtach is a bhí an obair sa réimse seo.

Rinne PAS earcaíocht do phoist i réimse ilchineálach agus chomhlíon siad éilimh na gcliant d'fheachtais a ceapadh dá riachtanais ar leith féin agus rinneadh ceapacháin ar ardchaighdeán ag gach leibhéal dá bharr.

Bhíothas in ann an dul chun cinn seo a bhaint amach mar gheall ar thiomantas, díograis agus solúbthacht na mball foirne atá in ann déileáil le hathruithe gan mhoill agus is acmhainn luachmhar iad don eagraíocht i gcónaí.

Ba mhaith liom ar son an Bhoird, obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Iníon Fiona Tierney (agus obair an Iar-Phríomhfheidhmeannach, an tUasal Bryan Andrews, a d'éirigh as in 2012), a aithint agus foireann na hoifige ar fad maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí uile.

An tUasal Eddie Sullivan, Cathaoirleach

## Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Cé gur orm-sa a bhí an cúram ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh do Thuarascáil Bhliantúil 2011 a scríobh, baineann sé le gníomhaíochtaí a tharla faoi stiúirtheacht mo réamhtheachtaí.

Nuair a fhéachaim siar ar 2012 áfach, tá áthas ar leith orm a rá gur bliain sár-rathúil a bhí ann ina raibh deis agam cur le cuid den rath sin. D'oibrigh mé roimhe seo san earnáil phríobháideach agus nuair a thosaigh mé sa phost nua, chuaigh an eitic oibre, an díriú ar an chustaiméir agus dílseacht i measc mo chomhghleacaithe i bhfeidhm go mór orm. Is beag an t-ualach orainn a bhfuil bainte amach againn roimhe seo sa Choimisiún um Cheapacháin Áitiúla agus i gCoimisiún na Státseirbhíse. Nascadh an dá Choimisiún agus bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sa bhliain 2004, ach níor cailleadh fiúntas nó tiomantas lena chinntiú go mbeadh próiseas earcaíochta agus roghnaithe ann atá neamhspleách, oscailte, cothrom agus bunaithe ar chumas. Tá ár ngníomhaíochtaí ar fad bunaithe ar an rogha is fearr iarrthóirí cáilithe a chur ar fáil do cheapacháin sna poist ilchineálacha sa tseirbhís phoiblí.

Le linn 2012, bhí PAS ag feidhmiú le líon níos lú baill foirne agus faoi bhuiséad níos ísle ach bhain PAS leibhéal táirgiúlachta gnó níos airde amach lena n-áirítear Ath-implonú agus Earcaíocht Ghinearálta agus chuir muid le nár gcáil maidir le hEarcaíocht Ardfeidhmeannach. Le linn don tSeirbhís um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí an tSeirbhís Earcaíochta agus Chomhroinnte seo a chur ar fáil don earnáil phoiblí, lean foireann PAS ag soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán agus luach ar airgead dá gcliaint. Le linn an ama sin, tá áthas orm a rá gur choinnigh PAS a neamhspleáchas agus go gcloímid le n-ár gcaighdeán.

Tá sonraí na ngníomhaíochtaí in 2012 leagtha amach sa tuarascáil ach luafaidh mé cúpla rud ar leith anseo. Is furasta dearmad a dhéanamh faoin réimse fíor-mhór atá faoi chúram PAS. Cuireann an eagraíocht seirbhísí ar fáil sa státseirbhís, san earnáil sláinte, earnáil na n-údarás áitiúil, an earnáil oideachais, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta agus roinnt gníomhaireachtaí stáit. Nuair atá baill foirne á lorg, pléitear le gach leibhéal riaracháin, ardfeidhmeannaigh, baill foirne agus gairmithe ó réimsí éagsúla. Cuidíonn PAS maidir le deiseanna a ardú do shaoránaigh in Institiúidí an AE agus i réimse comhlachtaí idirnáisiúnta eile.

Mar aon le sin rinne PAS na nithe seo

- d'fhorbair siad an branda **publicjobs.ie** agus spreag siad réimse eagraíochtaí a fhaigheann cistiú poiblí chun úsáid iomlán a bhaint as an suíomh chun deiseanna earcaíochta á fhógairt.
- leanadh ag úsáid na teicneolaíochta tríd an úsáid is fearr a bhaint as deiseanna a tháinig chun cinn trí chórais ar líne lena n-áirítear measúnú ar líne a mhéadú agus tríd an córas earcaíochta a fheabhsú.
- tugadh tacaíocht do Choiste na gCeapachán Ardleibhéal (TLAC) chun earcaíocht oscailte a dhéanamh ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta sa Státseirbhís.
- neartaíodh an fheidhm um Chuardach Feidhmeannach chun cuidiú a thabhairt le hiarrthóirí ar ardchaighdeán a lorg do cheapacháin shinsearach sa tSeirbhís Phoiblí.

- cuireadh tús le 106 feachtas do Chomhairligh Ospidéal do speisialtachtaí éagsúla agus tugadh tacaíocht d'earcaíocht do Dhochtúirí Neamhchomhairleacha Ospidéal agus d'Altraí Foirne.
- tugadh tacaíocht do 36 iarratas ar chabhair d'iarratais ar Bhoird Stáit.

Ba mhaith liom moladh speisialta a thabhairt dár mbaill foirne ar fad as a ngairmiúlacht, a solúbthacht, as obair dhian agus as a ndíograis don eagraíocht i rith na bliana seo chuaigh thart. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair agus don sár-thacaíocht a thug an Bord, faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh, Eddie Sullivan dom agus don Bhord Bainistíochta agus do mo réamhtheachtaí i rith na bliana. Tá súil agam a bheith ag obair i gcomhar leis na Bhord lena chinntiú go leanfaidh PAS ar aghaidh mar ionad earcaíochta éifeachtach comhroinnte don tseirbhís phoiblí.

Ní mór dom aitheantas a thabhairt don obair shuntasach a rinne daoine ó réimsí éagsúla agus a bhí ag feidhmiú ar son roinnt mhór earnálacha a fheidhmíonn mar bhaill ar Bhoird Agallaimh do PAS. Déanann roinnt mhór díobh seo an obair ar bhun deonach chomh maith lena n-obair laethúil agus ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt dá dtiomantas agus dá ndíograis do mhisean agus do shainchúram na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Fiona Tierney  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Ár Misean

**Lorgóidh PAS iarrthóirí ar ardchaighdeán do phoist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí agus cuirfidh muid ar chumas sheirbhísigh phoiblí aistriú i rannóga agus idir rannóga de réir riachtanais na gcliant, rud a chinnteoidh go gcuirtear seirbhísí éigeantacha uile ar fáil ar shlí níos éifeachtaí agus níos cuí.**

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) i mí Dheireadh Fómhair 2004 nuair a cuireadh críoch le hOifig Choimisinéirí na Státseirbhíse agus na gCheapachán Áitiúil tríd an Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Soláthraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seirbhísí earcaíochta comhroinnte don Státseirbhís, Údaráis Áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána agus comhlachtaí poiblí eile.

# Baill an Bhoird

- **An tUasal Eddie Sullivan,**  
Cathaoirleach, Iar-Ard-Rúnaí, Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- **Iníon Fiona Tierney,**  
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí
- **Iníon Patricia Coleman**  
Stiúrthóir – An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- **An Dr. Deirdre O’ Keeffe,** Rúnaí Cúnta – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- **An tUasal Des Dowling,**  
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil
- **An tUasal Barry O’Brien,** Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- **An tUasal Dan Murphy,** Iar-Ard-Rúnaí, Cumann Fheidhmeannaigh na Seirbhíse Poiblí
- **An Dr. Eddie Molloy,**  
Comhairleoir
- **Iníon Judith Eve,** Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann





# An Coiste Comhairleach Bainistíochta


- ◆ **Iníon Fiona Tierney**, Príomhfheidhmeannach
- ◆ **Iníon Mary Flynn**,  
Ceannasaí Earcaíochta agus Roghnaithe
- ◆ **Iníon Áine Gray**  
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
- ◆ **An tUasal Tommy Quinn**  
Ceannasaí ar Earcaíocht Feidhmeannach Sinsearach
- ◆ **An tUasal Pádraig Love**  
Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus Forbairt Eagraíochta
- ◆ **An tUasal Niall Leavy**  
Ceannasaí ar Thionscadail Straitéiseacha
- ◆ **Iníon Margaret McCabe**  
Ceannasaí ar Bhainistíocht na gCliant

# Achoimre den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS)

## Buaicphointí 2012

Tá PAS tiomanta do bheartas an Rialtais maidir le hacmhainní a fháil agus maidir le hath-eagrú chun seirbhís éifeachtach a sholáthar trí dhaoine cumasacha a chur i bpoist ina bhfuil an gá is mó leo.

- Tugadh cuidiú do 369 ball foirne trí ath-implonú i ngach earnáil sa bhliain 2012. Samplaí de Ranna agus de Ghníomhaireachtaí ar tugadh cuidiú dóibh sa phróiseas seo is iad an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Roinn Oideachais agus Scileanna; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Tógadh freagracht as an chlár ath-implonnaithe sa Státseirbhís agus i nGníomhaireachtaí Neamh-Thráchtála Stáit, inar cuireadh le hacmhainní chun cuidiú le Ranna agus gníomhaireachtaí poist a fháil d'fhostaithe nach raibh gá leo. Chun sin a dhéanamh bhí sé riachtanach dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus seisiúin eolais a chur ar fáil chun plé a chur ar siúl idir ghníomhaireachtaí. Tugadh cuidiú do na heagraíochtaí an Bord Pleanála, FÁS agus an Gníomhaireacht Bhainistíochta um Rialtas Áitiúil (LGMA).
- Ón bhliain 2007, agus eolach faoin bhrú airgeadais ar an Rialtas, laghdaigh PAS líon na mball foirne 42% go dtí 86 fostaí agus costais oibríochta 50%.
- Is feidhm ar leith de chuid PAS, feachtas dhíríte earcaíochta a reáchtáil chun díriú ar ghanntanas scileanna agus tabhairt faoi athnuachan fadtéarma. Reáchtáladh feachtas sa tSeirbhís Phoiblí ar fad.
- Neartaíodh an Fhoireann um Chuardach Feidhmeannach chun cuidiú a thabhairt le hiarrthóirí ar ardchaighdeán a lorg do cheapacháin shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí. Baineadh úsáid as Cuardach Feidhmeannach i dtimpeall 50 feachtas in 2012.
- Leanadh den phróiseas earcaíochta do Chomhairligh Ospidéal, agus cuireadh tús le 106 feachtas do speisialtachtaí éagsúla.
- Chuidigh PAS le nua-aosiú foirne trí theicneolaíocht lena n-áirítear measúnú ar líne agus feabhas a chur ar an chóras earcaíochta. Thug Pas isteach uirlisí ar líne a chuireann poist seirbhíse poiblí ar fáil níos éasca, measúnú níos éasca d'iaratasóirí, feabhas ar thástáil agus slándáil níos fearr.
- Tugadh cuidiú do 38 iaratas ar chuidiú le hiarratais chuig Boird Stáit trí iarratais a scagadh.

- 
- Tugadh saineolas faoi sheirbhísí comhroinnte do chliaint éagsúla na seirbhíse poiblí, a laghdaigh an riachtanas do chomhairligh sheachtracha.
  - Críochnaíodh na céimeanna suntasacha chun PAS agus a shocruithe rialála, daoine agus córais a aistriú, chun tacaíocht a thabhairt dá ghníomhaíochtaí leanúnacha lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta um Phleanáil Foirne.

The image features a teal abstract background with a white lightning bolt striking from the left. The text 'Ár Ról' is positioned to the right of the lightning bolt.

Ár Ról

## Ár Ról

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) an lárionad chun acmhainní seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann agus oibríonn sí le Ranna/Oifigí Rialtais, gníomhaireachtaí chomh maith le húdaráis áitiúla agus FnaSS chun acmhainní agus cumas eagraíochta a fhorbairt trí acmhainní, tacaíocht agus saineolas a chur ar fáil, de réir mar a thógann siad foireann oibre chun freastal ar riachtanais reatha agus amach anseo de chuid na seirbhíse poiblí, agus gealltanais a sholáthar chun caighdeáin mhaireachtála ár saoránach a fheabhsú.

## Ár gCaighdeáin

Tá PAS dírithe ar an rogha is fearr iarratasóirí is féidir a cheapadh a mhealladh chuig gach post atá le líonadh. Déanann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí maoirseacht ar ár ngníomhaíochtaí uile agus tá an obair ar fad bunaithe ar na prionsabail earcaíochta seirbhíse poiblí seo:

- Ionracas
- Ceapacháin de réir fiúntais
- Próiseas earcaíochta de réir dea-chleachtas
- Próiseas earcaíochta atá cothrom, a chuirtear i bhfeidhm go seasmhach
- Ceapacháin atá déanta go hoscailte, go freagrach agus go trédhearcach

## Ár Spríoc

Spríoc 1: Ár Saineolas i dtaca le Roghnú a Fhorbairt

Spríoc 2: Ath-implonnú

Spríoc 3: Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí

A large, irregular teal shape with organic, wavy edges, resembling a splash or a stylized map of Ireland, occupies the central and lower portions of the page. It is set against a plain white background.

Spríoc 1

ÁR SAINEOLAS i dTACA le ROGHNÚ a  
FHORBAIRT

## Ár Saineolas i dtaca le Roghnú a Fhorbairt

---

Tá oidhreacht láidir ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hearcaíocht agus roghnú neamhspleách poiblí atá bunaithe ar chumas agus tá muinín ag ár gcliaint ionainn na hiarratasóirí is fearr a roghnú d'fholúntais sa tseirbhís poiblí. Cuirimid seirbhís ghairmiúil ar fáil do chliaint éagsúla agus comhlíonann ár gcórais Cóid Chleachtais Choimisiún na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go hiomlán idir mheon is litir.

Tá sé de dhualgas orainn riachtanais earcaíochta a sholáthar don Státseirbhís, don Gharda Síochána agus do phoist shinsearacha sa tseirbhís sláinte, Údaráis Áitiúla, Údaráis Cuain, Boird lascaigh agus Coistí Gairmoideachais.

Ó cuireadh bac ar earcaíocht sa tseirbhís poiblí in 2009, mhéadaigh PAS go mór réimse na seirbhísí a sholáthraítear agus cuireadh na seirbhísí sin ar fáil do níos mó eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí. Lárionad acmhainní seirbhísí comhroinnte is ea PAS agus dá réir sin bhí PAS gníomhach maidir leis an chlár seirbhísí earcaíochta comhroinnte a chur chun cinn agus rinneadh teagmháil le réimse mór eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun iad a mhealladh chun anaineolas sa bhreis atá ar fáil a úsáid, chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid riachtanas agus costas a shábháil.

Cuirimid na seirbhísí seo ar fáil, seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe iomlána nó i bpáirt; anailís poist a dhéanamh; seirbhísí tástálacha a sholáthar; ár gcóras fógraíochta agus iarratais ar líne ([www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)) a thairiscint. Tá líon agus réimse na seirbhísí a soláthraíodh do líon mór comhlachtaí seirbhíse poiblí sa bhliain 2012 ar fáil sa Tuarascáil seo.

### Feachtais Earcaíochta

Baineann an chuid is mó d'obair PAS le feachtais earcaíochta a reáchtáil chun folúntais a líonadh sa tseirbhís poiblí (poist a ceadaíodh le líonadh). San áireamh tá poist speisialtachta a tharlaíonn uair amháin chomh maith le feachtais mhóra chun folúntais a líonadh in eagraíocht amháin nó níos mó.

Eagraítear cruinnithe le cliaint mhóra agus nua chun na próisis reatha a mhíniú agus chun plean feachtais a chomhaontú maidir le gach feachtas. Mar chuid den chóras seo, socraímid na modhanna measúnaithe cuí le húsáid, a chuirtear in oiriúint go háirithe do gach feachtas ar leith. Beidh ar PAS leanúint le hearcaíocht dhírithe lena chinntiú go mbeidh foireann oibre cumasach sa tseirbhís poiblí a bheidh in ann torthaí a bhaint amach do shaoránaigh na hÉireann.

### Feachtais d'Ardfheidhmeannaigh

Oibreoidh PAS i gcomhar le Coiste na gCeapachán Ardleibhéal (TLAC) maidir le ceapacháin do phoist mar ardfheidhmeannaigh sa Státseirbhís. Forbraíodh córas inmheánach cuardaigh d'fheidhmeannaigh chun cuidiú le hiarrthóirí atá cáilithe i gceart a lorg do cheapacháin shinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí ón réimse de dhaoine cumasacha san earnáil phríobháideach agus poiblí; Úsáideadh Cuardach Feidhmeannach i 50 feachtas nó mar sin in 2012 agus mhéadaigh líon agus caighdeán na n-iarrthóirí a rinne iarratas ar phoist shinsearacha. Oibríonn PAS i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha más gá.

---

Do phoist ag leibhéal an Rúnaí Cúnta agus an Ard-Rúnaí, cheap muid feachtas lena n-áirítear fógraíocht agus Cuardach Feidhmeannach más gá. Déanaimid bainistíocht ansin ar phróisis ghearrliostaithe agus déanaimid réamh-agallaimh agus úsáidimid modhanna measúnaithe eile chun na hiarratasóirí is fearr a fháil. Tugann PAS eolas do TLAC faoi na hiarratasóirí seo agus déanann TLAC an t-agallamh deiridh. Thosaigh feachtais earcaíochta in 2012 chun cúig phost déag dá leithéid a líonadh (sonraí in *Aguisín 2*).

Reáchtáil PAS an próiseas earcaíochta iomlán do sé phost déag d'fheidhmeannaigh shinsearacha speisialtachta sa státseirbhís chomh maith le poist shinsearacha feidhmiúcháin eile sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Go ginearálta feachtais fhada ina raibh trí staid sa phróiseas measúnaithe a bhí i gceist, lena chinntiú gur mheall na feachtais seo an líon is mó iarratasóirí agus go raibh na scileanna agus an taithí chúí ag an té a ceapadh don ról ag an leibhéal cuí. (Sonraí ar fáil in *Aguisín 2*).

### ***Feachtais Speisialtachta/Bainistíochta don Státseirbhís***

In 2012 chuir PAS tús le próisis earcaíochta do líon post speisialtachta sa státseirbhís, roinnt mhaith acu dírithe ar an chlár chun feabhais sa Roinn nó san Oifig fostaithe. Reáchtáladh deich bhfeachtas dá leithéid in 2012 (Sonraí in *Aguisín 2*).

### ***Feachtais do Phoist Ghairmiúla/Theicniúla/Riaracháin sa Státseirbhís/Gníomhaireachtaí***

Rinne PAS bainistíocht ar fheachtais earcaíochta éagsúla ghairmiúla, theicniúla agus riaracháin do roinnt Ranna/Oifigí Rialtais agus Gníomhaireachtaí in 2102 ina raibh próisis mhóra earcaíochta agus i gcásanna eile roghnaíodh iarratasóirí a bhí cáilithe go gairmiúil.

#### **Státseirbhís Ghinearálta**

Oifigeach Cléireachais Sealadach  
Oifigeach Riaracháin (*sonraí thíos*)

#### ***Staidéar Cáis: Oifigeach Riaracháin***

Cuireadh tús leis an fheachtas d'Oifigeach Riaracháin i mí Eanáir le díriú ar easpa scileanna agus chun poist a líonadh i réimsí speisialtachta ar nós AD, Eacnamaíocht, Polasaí Cánach, Airgeadas/Baincéireacht, Dlí agus Cuntasaíocht. Fuarthas 4,313 iarratas i sé shraith. Bhí ar iarrthóirí ceistneoir ar líne a chomhlíonadh agus tugadh cuireadh chuig tástálacha síciméadracha dóibh siúd ar éirigh leo an ceistneoir a chomhlíonadh i gceart. Tar éis roinnt agallamh, cuireadh painéal iarrthóirí rathúla in áit. Rinneadh 83 ceapachán in ocht Roinn/Oifig.

Cuireadh tús le feachtais in 2012 chun 72 post speisialtachta a líonadh (liosta ar fáil in *Aguisín 2*).



## Feachtais d'Údaráis Áitiúla

Reáchtáil PAS feachtais éagsúla sinsearacha d'Údaráis Áitiúla éagsúla. Cuireadh tús leis na feachtais seo in 2012:

<ul style="list-style-type: none"><li>• Bainisteoir Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li><li>• Bainisteoir Feidhmiúcháin Innealtóireachta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li><li>• Gníomhaire Dlí, Comhairle Contae Chiarraí</li><li>• Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Chorcaí</li><li>• Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Chill Dara</li><li>• Gníomhaire Dlí, Comhairle Contae na Gaillimhe</li><li>• Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Laoise</li><li>• Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae Ros Comáin</li><li>• Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae na Mí</li><li>• Príomhoifigeach Tréidliachta, Comhairle Contae Chorcaí</li><li>• Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Dé-Bhainisteoir/Bainisteoir Ainmnithe, Údarás Áitiúil Luimnigh</li><li>• Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Laoise</li><li>• Innealtóir Sinsearach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li><li>• Oifigeach Sinsearach Eolaíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li><li>• Cuntasóir Airgeadais, Comhairle Contae na hIarmhí</li><li>• Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae Chill Dara</li><li>• Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath</li><li>• Dlíodóir Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas</li><li>• Bainisteoir Contae na Mí</li><li>• Bainisteoir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas</li><li>• Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Ros Comáin</li></ul>
-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

## Feachtais FnaSS

Lean muid den phróiseas earcaíochta do Chomhairligh Ospidéal, cuireadh tús le **106** feachtas do speisialtachaí agus ionaid éagsúla in 2012 agus shábháil PAS roinnt mhaith costas d'FnaSS. Chuir muid tús le feachtais earcaíochta chun poist speisialtacha shinsearacha eile a líonadh, lena n-áirítear:

- Príomhoifigeach Airgeadais, FnaSS an Iarthair Láir
- Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, Bainisteoir Sinsearacha Oibríochtaí, Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais
- Cuntasóir Sinsearach, Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS), FnaSS
- Cuntasóir Bainistíochta Grád VIII, FnaSS
- Cuntasóir Bainistíochta Cúnta, Ospidéal Contae Ros Comáin
- Stiúrthóir Cliniciúil do Shláinte Béal.

## Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile

Mar thacaíocht do chomhlachtaí seirbhíse poiblí, thug PAS sainchomhairle agus cuidiú le hearcaíocht agus roghnú speisialtachta lena n-áirítear an próiseas earcaíochta agus roghnaithe ar fad a reáchtáil do roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí. Feachtais a thosaigh in 2012:

<ul style="list-style-type: none"><li>• Teagasc – 31 feachtas do speisialtachtaí éagsúla mar Oifigeach Taighde agus mar Theicneoir Taighde</li><li>• Ceannasaí Airgeadais, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh</li><li>• Príomhoifigeach Oibríochtaí, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh</li><li>• Ceannasaí Dearbhú Cáilíochta, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh</li><li>• Ceannasaí Beartais agus Pleanála, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh</li><li>• Ceannasaí Acmhainní Corparáideacha agus Daonna, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh</li><li>• Bainisteoir Cláraithe agus Aitheantais, CORU</li><li>• Bainisteoir TE, CORU</li><li>• Breitheamh Míleata, Na Fórsaí Cosanta</li><li>• Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann</li><li>• Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta</li><li>• Stiúrthóir den Chomhairle Mhúinteoireachta</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil</li><li>• Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach</li><li>• Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Solas</li><li>• Cigire - HIQA</li><li>• Príomhoifigeach Feidhmiúcháin – Coimisiún Forbartha an Iarthair</li><li>• Príomhoifigeach, An Bord Pleanála</li><li>• Príomhfheidhmeannach – An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí</li><li>• Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh</li><li>• Cláraitheoir, Cumann Cógaisíochta na hÉireann</li><li>• Príomhoifigeach Feidhmiúcháin d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann</li><li>• Oiliúnaí le Cosaint Shibhialta</li><li>• Sirriam Chontae Chorcaí</li><li>• Sirriam Ioncaim</li><li>• Sirriam Chontae Bhaile Átha Cliath</li><li>• Ardoifigeach Feidhmiúcháin TEC, An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha</li></ul>
--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

## Cuidiú le hArdú Céime Inmheánach

Tugadh cuidiú maidir le hardú céime inmheánach in 2012 i dtaca leis na nithe seo:

### **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Cigire Maoirseachta Tréidliachta

Stiúrthóir Achomhairc

### **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Ardoifigeach Feidhmiúcháin / AOF (TE)

Oifigeach Feidhmiúcháin

---

## Seirbhísí Tástála

Mar go raibh líon mór iarratasóirí do phoist áirithe, úsáidtear réimse tástálacha i bhfeachtais earcaíochta agus roghnaithe áirithe chun iarrthóirí a cháiliú ag íos-leibhéal agus chun ord fiúntais a thabhairt dá n-iarratais. Cuireann PAS seirbhís ar leith ar fáil maidir le tástálacha móra dá leithéid a cheapadh, a bhainistiú, a chur i bhfeidhm agus a mharcáil agus tá na modhanna earcaíochta a úsáidtear cothrom, oscailte, bunaithe ar fhiúntas agus sofheicthe. Chuir PAS seirbhísí tástála ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile in 2012 lena n-áirítear:

- Altraí Lán-fhásta
- Daltas Fórsaí Cosanta
- Earcaigh Cabhlaigh
- Riarthóir Leighis Éigeandála, FnaSS
- Glacadóir Glaonna, FnaSS

## Tionscadail

Reáchtáil PAS roinnt tionscadal do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile in ionad comhairligh seachtracha, rud a shábháil a lán airgid don chomhlacht seirbhíse poiblí i gceist. Críochnaíodh na tionscadail seo in 2012:

- Próiseas ceapacháin do Bhall Neamhspleách agus Leas-Bhall Neamhspleách do Choiste Mhargadh Singil Leictreachais (SEM) an oileáin ar fad (*sonraí eile thíos*).
- Forbraíodh Creat Inniúlachta do Phoist sna Fórsaí Cosanta agus tugadh cuidiú le feachtais a reáchtáil ina dhiaidh do Bhriogáidire agus Maorghinearál.
- Tionscadal don Údarás Ardoideachais (*sonraí eile thíos*).

## Ball Neamhspleách agus Leas-Bhall Neamhspleách do Choiste Mhargadh Singil Leictreachais (SEM) an oileáin ar fad

D'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (DETI) le chéile, ar PAS cuidiú a thabhairt chun duine a lorg le ceapadh mar Bhall Neamhspleách agus mar Leas-Bhall Neamhspleách do Choiste Mhargadh Singil Leictreachais (SEM) an oileáin ar fad (a bunaíodh ar dtús in 2007 agus is iad an t-údarás a dhéanann cinntí faoi gach rud a bhaineann leis an SEM).

Rinneadh cuardach idirnáisiúnta agus cuireadh feachtas dírithe eolais i bhfeidhm chun iarratasóirí cuí a shainnithint. D'eagraigh PAS agus bhainistigh siad próiseas agallaimh agus cuireadh ocht n-iarrthóir chun cinn chuig bord agallaimh. Nuair a rinne an bord roghnaithe measúnú orthu, cuireadh cúigear acu ar phainéal in ord fiúntais. Scrúdaigh PAS na teistiméireachtaí agus mhol siad beirt iarrthóir go foirmiúil do cheapachán. Comhlíonadh an tionscadal ar fad taobh istigh den sprioc-am a comhaontaíodh.

Meastar gur sábháladh €30,000 mar gur reáchtáil PAS an próiseas.

---

## **PAS páirteach le próisis do Cheapacháin chuig Boird Stáit**

Tá suim á chothú i Ranna Rialtais chun modh níos sofheicthe a fhorbairt chun folúntais ar bhoird stáit a líonadh. Tá éileamh dár scileanna ag méadú lena chinntiú go bhfuil próiseas oscailte agus critéir shoiléire i bhfeidhm le ceapacháin dá leithéid.

Cé nach bhfuil freagracht ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, maidir le ceapacháin chuig Boird Stáit, déantar an próiseas earcaíochta agus roghnaithe áfach de réir spiorad na gcód cleachtas a bhunaigh na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Léiríonn na cóid na prionsabail seo:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Cothromaíocht agus Comhsheasmhacht
- Oscailteacht, Freagracht agus Trédhearcacht

Tá na próisis a bhfuil baint ag PAS leo go dtí seo in oiriúint go háirithe do gach folúntas, Gníomhaireacht agus Roinn/Oifig ar leith. Chuidigh PAS le 36 iarratas ar chuidiú le ceapacháin ar Bhoird Stáit a scagadh.

Go dtí seo rinne muid an scagadh tosaigh ar iarratais agus chuidigh muid le gearrliostú na n-iarratas de réir chritéir a comhaontaíodh. I gcásanna áirithe is féidir go mbeidh gá le próiseas iarratais. Ar deireadh, tugtar gearrliosta d'iarratasóirí atá cáilithe don Aire cuí. Tagann cinntí faoi cheapacháin faoi chúram an Aire agus níl ceapacháin teoranta dóibh siúd a dhéanann iarratas trí [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie).

---

## **Feabhsú an Chórais Gnó agus Deimhniú Cáilíochta**

### ***Athbhreithniú agus Leasú ar Chórais agus ar Mhodhanna Measúnaithe***

Tá clár leanúnach athbhreithnithe ag PAS ar ár gcórais mheasúnaithe lena chinntiú go léiríonn siad go cruinn riachtanais/dúshlán na bhfolúntas gur gá do PAS a líonadh agus déanaimid comparáid leanúnach idir iad agus na modhanna atá in úsáid ag comhlachtaí earcaíochta seirbhíse poiblí ar fud an domhain.

In 2012, leasaigh muid réimse na n-ábhar measúnaithe ar leith atá ar fáil, a úsáidfídh PAS chun go gcoinneofar costas éifeachtach agus solúbthacht ar ár réitigh measúnaithe agus socrúcháin.

### ***Athbhreithniú / Feabhsú ar Phróisis Gnó***

Chuir PAS tús le clár athbhreithnithe do phróisis gnó chun obair a bhainistiú níos éifeachtaí agus chun próisis nach bhfuil luach leo a chur ar ceal. Cuireadh feabhas le próisis agus caighdeán mar thoradh air.

D'fhorbair PAS mapaí próiseála chun feachtais a bhainistiú do gach aonad lena chinntiú go bhfuil na próisis i ngach réimse earcaíochta in oiriúint dá chéile chomh maith le feabhas i mbainistíocht ar shruth oibre, rud a fhágann píblíne sofheicthe agus slí níos fearr oibre leis an Plean Gníomhaíochta Oibre.

Trí phróisis gnó a scrúdú, tuigimid an luach a bhaineann le teicneolaíocht a úsáid mar thacaíocht nó chun próisis sa bhreis a bhaineann le hearcaíocht agus roghnú a athchur. Mar thoradh air sin, díritear anois ar an líon tástála ar líne a dhéantar agus ar bhoird roghnaithe gan pháipéar a thabhairt isteach.

Mhéadaigh muid measúnú ar líne agus chuir muid feabhas leis an chóras earcaíochta. Chomh maith le sin, thug muid isteach uirlisí ar líne a chuireann poist seirbhíse poiblí ar fáil níos éasca, measúnú níos éasca d'iarratasóirí, feabhas ar thástáil agus slándáil níos fearr.

### ***Aiseolas d'ár Seirbhísí***

Mar chuid den phróiseas leanúnach chun feabhais, fuarthas aiseolas ó gach grúpa custaiméirí in 2012. Rinneadh suirbhéanna ar líne ar iarrthóirí, ar chliaint agus ar bhaill na mbord agallaimh agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun déileáil le haon cheist a tháinig chun cinn. Aontaíodh trí ghníomhaíocht déag, tá naoi gcinn déanta agus na ceithre cinn eile ar siúl.

### ***Tionscnamh Caighdeán***

Cuireadh tionscnamh caighdeán i bhfeidhm san eagraíocht a stiúir an Fhoireann Ardbhainistíochta in 2012. Bunaíodh foireann thiomnaithe a thuiriscíonn don Bhainisteoir AD. Tugadh freagracht do bhall foirne maidir le *hOibríochtaí, Caighdeán agus Deimhniú*, agus tugann ball foirne amháin eile *cuidiú* ar bhun páirtaimseartha. Rinneadh dul chun cinn ar réimsí oibre trí Chomhpháirtíocht, Fóram na gCaighdeán (féach thíos) an fhoireann ardbhainistíochta. Comhlíonadh na nithe seo in 2012:

- Athbhreithniú faoi gach comhfhreagras a chuirtear chuig iarratasóirí.
- Athbhreithniú faoi phróiseas agus faoi chaighdeán maidir le hearcaíocht do Chomhairligh Ospidéal agus do Ghairmithe Sinsearacha.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm tar éis Suirbhéanna le Baill de Bhoird Roghnaithe agus Cliaint agus Iarratasóirí.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm tar éis seisiúin faoi Chosaint Sonraí ag na Seisiúin Eolais Gnó do Bhaill Foirne.

Mar chuid d'ár ngealltanais maidir le baill foirne a bheith páirteach, bunaíodh Fóram na gCaighdeán (ina raibh gach AOF/OR) in 2012. Tagann an Grúpa le chéile chun tionscnaimh ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus tá siad ag obair faoi láthair ar cheithre thionscadal éagsúil a bhaineann le caighdeán.

A large, irregular teal shape with wavy, organic edges, resembling a splash or a stylized letter 'C'. It is positioned in the center of the page. A smaller, thin teal shape is located at the top right corner of the page.

SPRIOC 2

ATH-IMLONNÚ

## Ath-implonú

---

Tá beartas an Rialtais dírithe ar acmhainní seirbhíse poiblí a ath-eagrú chun díriú ar na réimsí is mó gá. Bainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas seo don Státseirbhís agus do Ghníomhaireachtaí Neamh-thráchtála Stáit. Chuidigh PAS leis an phróiseas seo trí oibriú i gcomhar le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit agus trí fheabhas a chur go gníomhach le beartas, seirbhísí agus córais.

Thóg PAS freagracht maidir leis an phróiseas seo a éascú agus a sholáthar i mí Aibreáin 2012. Bhí teagmháil agus tacaíocht le Ranna / Oifigí / Comhlachtaí Neamh-thráchtála Stáit i gceist sa phróiseas lena n-áirítear:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- An Príomh-Oifig Staidrimh; An Oifig Dóchmhainneachta
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)
- An Bord Pleanála;
- Fáilte Éireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath; Forbairt Shionainne
- IT Shligigh
- An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- Teagasc; Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath
- An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Cuireadh acmhainní ar fáil chun cabhrú le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit maidir le farasbarr fostaithe a chur i bpoist. Chun sin a dhéanamh bhí sé riachtanach dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus seisiúin eolais a chur ar fáil chun plé a chur ar siúl idir gníomhaireachtaí.

Chuidigh PAS le próiseas acmhainní a chur in oiriúint do riachtanais ar leith na gcliant, agus sa tslí seo d'éascaigh PAS roinnt tionscnamh atá leagtha amach sa Chlár Rialtais lena n-áirítear Peoplepoint (Seirbhís Comhroinnte AD na Státseirbhíse) agus Seirbhís Dóchmhainneachta na hÉireann.

Neartaigh PAS ár n-acmhainní tairisceana agus chuidigh muid le heagraíochtaí farasbarr fostaithe a chur i bpoist ina raibh a scileanna in oiriúint do riachtanais na n-eagraíochtaí. Tugadh an tacaíocht eagraíochta seo do chomhlachtaí ar nós An Bord Pleanála, FÁS, agus an LGMA. D'oibrigh os cionn 10 n-eagraíocht sa tseirbhís phoiblí linn sa chlár seo.

Chun daoine a chur ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse seo, agus chun folúntais agus acmhainní a chomhoiriúnú níos fearr, chuir PAS clár cumarsáide i bhfeidhm. Chun sin a dhéanamh bhí sé riachtanach dul i dteagmháil le heagraíochtaí go rialta agus seisiúin eolais a chur ar fáil chun plé a chur ar siúl idir gníomhaireachtaí.

Trí theagmháil idir eagraíochtaí, chuidigh PAS le hath-eagrú suntasach eagraíochta chun dul in oiriúint do riachtanais na seirbhísí poiblí agus cuireadh 369 ball foirne i bpoist i ngach earnáil roimh dheireadh 2012.

SPRIOC 3

INNIÚLACHT ROGHNAITHE A FHORBAIRT SA  
tSEIRBHÍS PHOIBLÍ



## Inniúlacht Roghnaithe a Fhorbairt sa tSeirbhís Phoiblí

Aithníonn PAS go mbeidh ról ar leith ag an tSeirbhís Phoiblí maidir le spriocanna eacnamaíocha agus sóisialta an Rialtais a bhaint amach. Beidh sé riachtanach daoine cumasacha a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a bheith ag obair ag gach leibhéal chun go n-éireoidh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí spriocanna an phlean téarnaimh a bhaint amach. Tá PAS ag comhlíonadh a bpríomh-thosaíochtaí sa Chlár Rialtais in ainneoin na dteorainneacha airgid agus an tionchar atá ag easpa scileanna ar chúrsaí.

Tugann PAS tacaíocht ghairmiúil d'eagraíochtaí a dhéanann a bhfeachtais earcaíochta, roghnaithe agus cur chun cinn féin faoina gceadúnas féin.

### **Comhairle agus Tacaíocht do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí**

Tá sé mar aidhm againn scileanna agus saineolas measúnaithe agus roghnaithe a chur i bhfeidhm san earnáil poiblí chun caighdeán agus oiriúnacht na ndaoine a ath-implonáítear go himheánach nó a earcaítear a fheabhsú.

Tugadh comhairle agus/nó eolas do na cliaint seo i réimsí ar nós treoir faoi agallaimh, pleanáil don fhórsa oibre, cur chun cinn inmheánach, earcaíocht agus roghnú, agus ceapacháin ar nós Boird Stáit:

<ul style="list-style-type: none"><li>• An Roinn Airgeadais</li><li>• An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</li><li>• An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</li><li>• An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia</li><li>• An Roinn Oideachais agus Scileanna</li><li>• An Roinn Gnóthaí Eachtracha</li><li>• An Roinn um Chosaint Sóisialta</li><li>• Roinn an Taoisigh</li><li>• Tithe an Oireachtais</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• An Phríomh-Oifig Staidrimh</li><li>• INIS</li><li>• FnaSS</li><li>• Na Fórsaí Cosanta</li><li>• Comhairle Cathrach Phort Láirge</li><li>• Comhairle Cathrach Chorcaí</li><li>• An Bord Altranais</li><li>• Údarás na Gaeltachta</li><li>• Ollscoil Luimnigh</li><li>• ITBAC</li><li>• OÉG</li></ul>
------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Spreagadh cliaint chun úsáid a bhaint as [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) ina bhfeachtais earcaíochta ar fad fiú amháin nuair nach raibh PAS páirteach sa phróiseas; baintear sábháil amach don Státchiste má úsáidtear an tseirbhís shaor in aisce seo. Cuireadh 1,139 fógra dá leithéid ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) in 2012. Cuirtear áiseanna ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí chun airgead a shábháil dóibh. Bhain FnaSS, An Binse Comhionannais, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána agus ranna/oifigí eile úsáid as ár n-áiseanna agallaimh/cruinnithe in 2012 (cuireadh 909 seomra ar fáil in 2012).

### **Coimisiún Cheapacháin Bhreithiúnacha Thuaisceart Éireann**

Lean an caidreamh éifeachtach oibre le n-ár gcomhghleacaithe i dThuaisceart Éireann agus rinneadh roinnt idirghabhálacha le Coimisiún Cheapacháin Bhreithiúnacha Thuaisceart Éireann.

---

## ***Oiliúint do Chathaoirligh a d'fhéadfadh a bheith ina gCathaoirligh ar Bhoird Roghnaithe, agus d'Ionadaithe PAS***

Faigheann PAS daoine nua go rialta a d'fhéadfadh gníomhú mar chathaoirligh ar bhoird roghnaithe agus cinntíonn siad go bhfuil na daoine sin oile i gceart don ról. Tugtar eolas soiléir faoin ról agus faoi fhreagrachtaí an Chathaoirligh, chomh maith le heolas faoi ról lonadaí PAS agus athbhreithniú faoin Chód Cleachtais faoina ndéantar earcaíocht.

Reáchtáladh seisiúin oiliúna d'Ionadaithe inmheánacha agus seachtracha PAS. Bíonn lonadaí PAS i láthair ar gach bord roghnaithe lena chinntiú go gcomhlíontar an próiseas de réir Chóid Cleachtais an CCSP agus pholasaithe PAS maidir le cothrom na féinne do chách agus próiseas measúnaithe trédhearcach (a chinntíonn go gcomhlíontar rúndacht na n-iarrthóirí).

---

A large, abstract teal graphic with a white lightning bolt striking from the left. The graphic is composed of several overlapping, wavy shapes that create a sense of movement and energy. The lightning bolt is a simple, stylized white shape with a jagged, zig-zag pattern.

# **Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha**

## Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do gach Ball Foirne

Tá PAS ag brath ar ár n-daoine ag gach leibhéal den eagraíocht chun spriocanna ár Ráiteas Straitéise a sholáthar. Cuireann PAS gairmiúlacht, nuálaíocht, solúbthacht agus rannpháirtíocht chun cinn agus cuirtear béim ar mheas agus éagsúlacht.

### Comhpháirtíocht

Tarlaíonn an cur chuige maidir le hathruithe, cinntí a dhéanamh, tiomantas an fhostaí agus cumarsáid san Oifig trí Chomhpháirtíocht. Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht na Comhpháirtíochta le linn na bliana lena chinntiú go raibh ionadaíocht ann do gach réimse, agus thóg roinnt ball nua ballraíocht dá bharr. Lena chinntiú go bhfeidhmeoidh an Chomhpháirtíocht go héifeachtach ar bhun leanúnach, aontaíodh ar Phlean Gníomhaíochta Comhpháirtíochta agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana. Tá Comhpháirtíocht páirteach i dtionscnaimh chun caighdeáin agus próisis gnó a fheabhsú. Thug ár bhfoireann sár-sheirbhís d'ár gcliaint agus d'iaratasóirí i rith na bliana, ghlac said páirt iomlán i dtionscnaimh nua agus bíonn siad solúbtha agus gairmiúil i gcónaí.

### Bainistíocht Feidhmíochta

Tugann PAS spriocanna agus freagrachtaí soiléire do gach duine san Oifig maidir le seirbhísí earcaíochta agus acmhainní a sholáthar don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Tugtar eolas do gach ball foirne faoi n-ár straitéis, agus tugtar ár n-aidhmeanna agus ár spriocanna do chách trí chreat oibre na Bainistíochta Feidhmíochta. Déantar feidhmíocht an duine aonair a thomhas gach bliain agus tugtar faoi fheidhmíocht atá lag.

Rinne an Bainisteoir AD athbhreithniú ar chomhsheasmhacht i ngach réimse de CBFF agus bhí an chomhsheasmhacht ina iomláine agus sna haonaid éagsúla an-mhaith.

### Pleanáil don Fhórsa Oibre

Forbraíodh Pleanáil don Fhórsa Oibre in 2012. Cuireadh an Phleanáil i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Athbhreithniú ar dhearadh na heagraíochta agus acmhainní a leithdháileadh chuig réimsí tosaíochta
- Athbhreithniú ar mhodhanna roinnt-oibre (a hathchóiríodh i gcomhar le baill foirne in oiriúint do riachtanais gnó)
- Clár oiliúna struchtúracha i réimsí ina bhfuil easpa scileanna
- Clár bainistíochta comharbais do phoist thábhachtacha áirithe.

### Oiliúint agus Forbairt

Lean PAS le hoiliúint a chur ar fáil de réir teorainneacha acmhainní, rud a d'fhorbair saineolas na mball foirne agus forbairt leanúnach ghairmiúil trí chúrsaí agus trí thionscnaimh éagsúla, go himmheánach agus go seachtrach.

Mhol an Chomhpháirtíocht an Plean Foghlama agus Forbartha don eagraíocht.

### Clár Folláine

Is cuid de pholasaí na hoifige cur, más féidir, le caighdeán saoil na mball foirne agus dá réir sin, chomhlíon muid Clár Folláine eile in 2012.


### Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne

Bhí toradh an-dearfach ar an Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne. Reáchtáladh ceardlann le foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta agus forbraíodh Plean Gníomhaíochta (agus cuireadh é i bhfeidhm) chun déileáil le ceisteanna a tháinig as an suirbhé.

### Leibhéal Foirne

*Faoi dheireadh 2012, laghdaíodh líon na mball foirne go dtí 86 de réir ár gCreat Rialaithe Fostaíochta. Chun seo a dhéanamh, níor líonadh folúntais agus cuireadh baill foirne ar iasacht ar bhun sealadach agus ath-implonnaíodh baill foirne chuig eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí.*

Cuireadh baill foirne de chuid PAS ar iasacht chuig Lárionad Seirbhísí Comhroinnte AD chun cabhrú leis an tionscadal seo agus chun an fhoghlaim a thabhairt ar ais chuig an tseirbhís earcaíochta chomhroinnte seo. Laghdaíodh líon na ndaoine go mór le cúpla bliain:



## Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Aithníonn PAS an tábhacht ar leith a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide maidir le seirbhísí a fhorbairt agus a chothabháil agus a thabharfaidh tacaíocht agus a chuirfidh an t-éileamh gnó reatha agus atá ag teacht, chun cinn.

Tugann an Straitéis TEC tacaíocht don eagraíocht maidir lena phríomh-ghnó a dhéanamh. Cinntíonn sé go bhfuil an beartas, na teicneolaíochtaí, na córais agus na próisis chuí ag na baill foirne chun an gnó a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach agus ag an am céanna na sonraí íogair a chosaint agus iad á bpróiseáil.

---

### Forbairt an Chórais Earcaíochta

Bhí PAS in ann na seirbhísí a luaitear sa tuarascáil seo a sholáthar sa tSeirbhís Phoiblí go mór mhór mar gheall ar an fheidhmchlár earcaíochta a forbraíodh (cuireadh i bhfeidhm in 2009), a d'athraigh go mór an chaoi a dhéanann PAS a chuid oibre. Cuireadh feabhas le gnéithe éagsúla dá bharr agus tugadh roghanna féinseirbhíse do chliant agus d'iarratasóirí. Forbraíodh é chun gur féidir le PAS an próiseas earcaíochta ar fad a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dó. Roimhe seo bhí roinnt córas agus próiseas lámhe in úsáid ach soláthraíonn an fheidhm earcaíochta nua feidhmchlár agus bunachar sonraí amháin. Tá próisis gnó níos éifeachtaí mar thoradh air agus tá stór eolais amháin agus tuairisciú níos fearr ar fáil.

Tá an Córas Earcaíochta á leasú ar bhun leanúnach. Cuireadh trí fhorbairt mhór i bhfeidhm in 2012 chun seirbhísí ar líne níos fearr a sholáthar d'iarratasóirí agus do chliant.

### Feabhsú agus Torthaí Ginearálta TE

Tugann [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) léargas an-soiléir faoi sheirbhís phoiblí na hÉireann agus faoi láthair tá 210,000 duine cláraithe air (úsáideann timpeall 25,000 duine an suíomh don chéad uair gach seachtain). Cuireadh tús le h-ath-struchtúrú agus ath-dhearadh suntasach sa chéad cheathrú de 2012.

Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin suíomh ó úsáideoirí. Mar gheall ar an dearadh nua, tá eagraíochtaí earcaíochta níos sofheicthe ar an leathanach baile. Baintear úsáid as [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) mar thairseach fógraíochta san earnáil phoiblí agus dá bharr sin sábháiltear a lán airgid ar fhógraíocht do chomhlachtaí eile sa tseirbhís phoiblí (m.sh. ní fhógraítear poist do chomhairligh leighis ach ar [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) agus ar shuíomh gréasáin FnaSS agus ní chuirtear fógraí sna nuachtáin).

Rinneadh cleachtadh soláthair in 2012 do chothabháil agus do thacaíocht d'ár bhfeidhmchlár earcaíochta. Sábháladh timpeall €130,000 tríd an conradh tacaíochta seo a bhronnadh.

## Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

### Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Bhí cruinniú ag an Bhord cúig huaire in 2012. Thug an Bord aird ar leith ar cheisteanna a bhaineann le feidhmíocht ar phríomh-thosaíochtaí straitéiseacha, rialáil airgeadais agus bainistíocht riosca. Tugadh tuairisicí mionsonraithe faoi ghníomhaíochtaí agus airgeadas agus nuashonruithe faoi rioscaí agus iniúchadh inmheánach agus faoi dhul chun cinn maidir lenár bpríomhspríocanna straitéiseacha don Bhord ag gach cruinniú.

### Iniúchadh Inmheánach

Tugann Coiste Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird comhairle don POF mar Oifigeach Cuntasaíochta faoi ábhair a bhfuil sé freagrach as. Tá Iníon Sylva Langord ina cathaoirleach ar an Choiste agus is iad na baill eile Des Dowling, Ball de Bhord PAS; Michael Culhane, Ceannasaí Iniúchta An Gharda Síochána, agus Mary Flynn, Ionadaí den Bhainistíocht.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2012. Dhírigh siad ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Dhírigh an Coiste go háirithe ar chinntiú gur cuireadh na réimsí ábhartha den Plean Iniúchta Inmheánaigh 2010-2012 i bhfeidhm. Tugadh na ceithre thuarascáil seo faoi iniúchadh inmheánach don Choiste Iniúchta Inmheánaigh le linn 2012:

- Cuntasaíocht agus Tuairisciú
- Slándáil TEC
- Soláthar
- Slándáil maidir le Teacht Isteach agus Imlíne an Fhoirgnimh

Tugadh tuairisicí gearra don Choiste ag gach cruinniú le linn 2012 faoi dhul chun cinn a bhí á dhéanamh maidir le moltaí a rinneadh sna tuairisicí iniúchta le déanaí, a chur i bhfeidhm. Díríonn an eagraíocht go leanúnach ar an phróiseas leantach maidir leis na moltaí a rinneadh sna tuairisicí iniúchta faofa, a chur i bhfeidhm.

### ***Plean Iniúchta Inmheánaigh 2013-2015***

Mhol an Coiste an plean straitéiseach iniúchta trí bliana 2013-2015 ag a gcruinniú deiridh in 2012. Bunaíodh an plean ar mheasúnú riosca ar eolas a bailíodh ó fhoinsí éagsúla san oifig.

### Bainistíocht Riosca

Tá sé tábhachtach a chinntiú más féidir go n-aithnítear gach riosca agus go ndéantar beart chun a n-éifeacht a laghdú, agus dá bharr sin bhuaíl an Grúpa um Bainistíocht Riosca (lucht bainistíochta agus baill foirne PAS) le chéile i rith 2012.

Bhí ceardlann ag an Ghrúpa um Bainistíocht Riosca (fuarthas cuidiú ó shaineolaí ar bhainistíocht riosca) chun rioscaí a shainiú i dtaca le Straitéis, lena chinntiú nach raibh aon bhearna sa chlár riosca. Cuireadh roinnt rioscaí eile sa chlár rioscaí dá bharr.

Rinne an Bord athbhreithniú freisin ar an gClár Riosca Corparáideach ag a gcruinnithe i Mí Feabhra, Meitheamh agus Deireadh Fómhair.

## Soláthar

Tógann an oifig treoir ó Threoirlínte agus Polasaithe um Sholáthar Poiblí a fhoilsíonn an tAonad Soláthair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceapadh Oifigeach Soláthair nua taobh istigh den Oifig chun treoir straitéiseach a thabhairt maidir le ceannach, chun luach ar airgead a fháil agus chun soláthar éifeachtach agus spriocanna corparáideach PAS a bhaint amach.

## Sábháil Costas

Ón bhliain 2007, sholáthar PAS na nithe seo a leanas lena chinntiú go sábhálfáí airgead trí chostáil maidir le baill foirne agus maidir le hoibríochtaí mar fhreagra ar na hathruithe sa gheilleagar agus in airgeadas an rialtais.

- laghdú 42% i líon na mball foirne
- laghdú 50% i gcostais iomlána

In 2012, laghdaigh muid ár gcaiteachas ar fhógraíocht 33% de réir an fheachtais, ar an mheán. Baineadh seo amach trí fhógraíocht a bhí níos dírithe.

## Gaolmhaireacht leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG)

Léiríonn na hiniúcháirí seachtracha atá i láthair go bhfuil córais láidre i rialachas corparáideach i bhfeidhm san earnáil phoiblí. Déanann oifig an C&AG athbhreithniú agus déantar tuairisc ar ár gcórais airgeadais agus mhúineacha gach bliain agus bíonn ionadaí ó oifig an C&AG i láthair ag cruinniú dár gCoiste Iniúchta Inmheánaigh uair sa bhliain chun nuashonruithe a thabhairt dóibh faoin iniúchadh.

## Gaolmhaireacht leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)

Bíonn teagmháil go minic idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis an CCSP maidir le hiniúchadh den fheachtas earcaíochta chuig na caighdeáin atá bunaithe ina gCóid Chleachtas atá foilsithe. De réir na gCód, is féidir le hiarratasóirí achomharc a lorg chun athbhreithniú a fháil faoin phróiseas earcaíochta. Tá sonraí faoi líon na nAchomharc in 2012 ar fáil in Aguisín III.





AGUISÍNÍ

# AGUISÍN 1

## Achoimre de Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir – 31 Nollaig 2012

	Iomlán na n-larratas a fuarthas	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon a hainmníodh / a moladh
<b>Státseirbhís</b>			
- Earcaíocht Cléireachais Sealadach	13,167	1,313	1,124
Riarachán	4,550	462	122
- Poist Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla/Speisialtachta	5,103	834	102
<b>Iomlán</b>	<b>22,820</b>	<b>2,609</b>	<b>1,348</b>
<b>Údaráis Áitiúla</b>			
Údaráis Áitiúla	859	198	24
An Earnáil Sláinte	1,015	453	111
<b>Iomlán</b>	<b>1,874</b>	<b>651</b>	<b>135</b>
<b>Cúltaca an Gharda Síochána</b>			
Cúltaca an Gharda Síochána	680	408	298
- Seirbhís Phríosúin	327	111	97
<b>Próisis a reáchtáladh do chomhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004</b>			
Teagasc	521	127	32
- HIQA	92		
- Boird Stáit	1,038		
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile	411	87	10
<b>Iomlán</b>	<b>2,062</b>	<b>214</b>	<b>42</b>
<b>An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil</b>	<b>Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas</b>	<b>Líon a cuireadh faoi agallamh</b>	<b>Líon na bhfeachtas a comhlíonadh</b>
<b>Iomlán</b>	<b>1088</b>	<b>214</b>	<b>20</b>
<b>Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh</b>			
	<b>Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas</b>	<b>Líon a cuireadh faoi thástáil</b>	
Údaráis Áitiúla	2,228	1,180	
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	334	238	
Altranas Lánfhásta	2,360	1,593	
Na Fórsaí Cosanta	5,041	4,152	
<b>Iomlán</b>	<b>9,963</b>	<b>7,163</b>	
<b>Iomlán ar Fad</b>	<b>Líon na n-larratas</b>	<b>Líon a cuireadh faoi agallamh</b>	<b>Líon a hainmníodh / a moladh</b>
	<b>38,814</b>	<b>4,207</b>	<b>Moladh 1,920</b>
<b>Seirbhísí Bainistíochta Iarratas a Soláthraíodh</b>			
	<b>Líon Iomlán na bhFeachtas</b>	<b>Líon Iomlán na n-larratas a fuarthas</b>	
OÉ Gaillimh/Maigh Nuad	133	3,907	
Treoraithe Séasúracha	1	1,170	
FnaSS DNCO agus Baill Tacaíochta	12	14,250	
<b>Iomlán</b>	<b>146</b>	<b>19,327</b>	

## *AGUISÍN II – Feachtais a Thosaigh in 2012*

### *Feachtais d’Ardfheidhmeannaigh*

#### **Feachtais ina ndearna PAS na réamh-staideanna agus ina ndearna TLAC na príomh-agallaimh**

##### **An Phríomh-Oifig Staidrimh**

Ard-Stiúrthóir  
Ard-Stiúrthóir Cúnta

##### **An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha**

Rúnaí Cúnta, An Rannóg Fuinnimh

##### **Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

##### **An Roinn Airgeadais**

Ceannasaí Beartas Baincéireachta  
Príomh-Eacnamaí

##### **An Roinn Sláinte**

Árd-Rúnaí  
Rúnaí Cúnta, An Rannóg um Chúram Sóisialta

##### **Oifig an Ombudsman**

Ard-Stiúrthóir

##### **Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**

Rúnaí Cúnta, An Rannóg do Chásanna Móra  
An tArd-Bhailitheoir  
Rúnaí Cúnta, An Rannóg Pleanála

##### **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Rúnaí Cúnta x 2

##### **An Oifig Luachála**

Coimisinéir Luachála agus Príomh-Shuirbhéir Teorann

#### **Feachtais a reachtáil PAS ina n-iomláine**

##### **Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Príomh-Aturnae Stáit Cúnta

##### **Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Stiúrthóir Iniúchta

##### **An Biúró um Shocmhainní Coiriúla**

Oifigeach Dí leis an mBiúró um Shocmhainní Coiriúla



**Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí**

Príomh-Aturnae Ionshúiseamh  
Ceannasaí na Rannóige Stiúrtha

**An Garda Síochána**

Príomhoifigeach Riaracháin

**Cigire an Gharda Síochána**

Príomh-Chigire  
Ball

**Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**

Stiúrthóir

**Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

Stiúrthóir Ainmnithe

**Oifig an Ombudsman do na Fórsaí Cosanta**

Ombudsman do na Fórsaí Cosanta

**Oifig na bPaitinní**

Stiúrthóir na bPaitinní

**Seirbhís Phríosúin**

Gobharnóir an Champais

**Seirbhís Phromhaidh**

Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh

**Oifig na nOibreacha Poiblí**

Ailtire Stáit

**An tSaotharlann Stáit**

Ceimiceoir Stáit

***Feachtais Speisialtachta/Bainistíochta na Státseirbhíse***

**Údarás Uchtaithe na hÉireann**

Stiúrthóir Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha

**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

Stiúrthóir

**An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil**

Comhairleoir Seirbhísí Comhroinnte

**Roinn na bPost, Fiontar agus Nuálaíochta**

Ceannasaí ar Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

## **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

Ceannasaí ar Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

## **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Bainisteoir Athruithe na nAcmhainní Daonna

Bainisteoir Sinsearach na nAcmhainní Daonna

Bainisteoir um Sholáthar Tráchtála

Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Pinsean na Státseirbhíse

Príomh-Oifigeach Soláthair

## ***Feachtais do Phoist Ghairmiúla/Theicniúla/Riaracháin sa Státseirbhís/Gníomhaireachtaí***

### **Státseirbhís Ghinearálta**

Oifigeach Cléireachais Sealadach (*sonraí thíos*)

Oifigeach Riaracháin (*sonraí thíos*)

Clár WAM (Willing Able Mentoring)

### **An tÚdarás Uchtaithe**

Príomhoibrí Sóisialta

Oibrí Sóisialta

### **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Máistir Cuain

Cigire Foraoiseachta Grád III

Príomh-Innealtóir

Cigire Cúnta Talmhaíochta Bitheolaí Móilíní

Cigire Cúnta Talmhaíochta (Tocsaineolaí)

Cigire Cúnta Talmhaíochta Ginearálta

Cigire Cúnta Talmhaíochta (Déiríocht)

Ball den Údarás Iascaigh Mhara

### **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**

Ceannasaí ar Mheasúnú Éiceolaíochta

### **Oifig an Ard-Aighne**

Abhcóide Parlaiminteach Cúnta Grád II

Abhcóide Comhairleach Grád III

### **Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Oifigeach Rialála do Chostas Dlí

Aturnae Stáit

### **Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis don Státseirbhís**

Lia Saothair

### **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**

Ceannasaí Taighde



**An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha**  
Eacnamaí Sinsearach

**An tÚdarás Iomaíochta**

Anailísí/Oifigeach Cáis - Eacnamaí  
Anailísí/Oifigeach Cáis - Cigire  
Anailísí/Oifigeach Cáis - Dlídóir

**Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**  
Iniúchóir Sinsearach

**An tSeirbhís Chúirteanna**

Baill Tacaíochta Bhreithiúnacha  
Cúntóir Breithiúnach

**Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**  
Comhairleoir Teicneolaíochta

**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
Aturnae Ionchúiseamh

**An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil**  
Iniúchóir Rialtais Áitiúil  
Príomh-Iniúchóir Rialtais Áitiúil

**An tÚdarás Comhionannais**  
Dlídóir

**An Roinn Airgeadais**

Anailísí Creidmheasa  
Anailísí Baincéireachta  
Oifigeach Comhlíontacháin  
Bainisteoir Creidmheasa agus Iasachta

**Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána**  
Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe  
Oifigeach Imscrúduithe

**An Garda Síochána**

Comhordaitheoir um Dhamáiste ó Thimpiste  
Cúltaca an Gharda Síochána

**Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**  
Geolaí Sinsearach

**Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**  
Cuntasóir Gairmiúil Grád I  
Dlídóir

**An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**  
Dlídóir Grád III

### **Tithe an Oireachtais**

Comhairleoir Dlí in Oifig Chomhairleoir Dlí Parlaiminte  
Úiséir  
Taighdeoir (Eacnamaíocht)  
Taighdeoir Sinsearach (Eacnamaíocht)

### **Oifig an Ombudsman do Leanaí**

Stiúrthóir Fiosrúcháin agus Gnóthaí Dlí

### **Ombudsman do na Fórsaí Cosanta**

Imscrúdaitheoir

### **Seirbhís Phríosúin na hÉireann**

Oifigeach Riaracháin agus Tacaíochta Príosúin Grád 3  
Oifigeach Riaracháin agus Tacaíochta Príosúin Grád 1  
Oifigeach Riaracháin agus Tacaíochta Príosúin Grád 2  
Dochtúir Príosúin

### **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Ceannaire Foirne um Fhorbairt Gréasáin  
Anailísí AD, Peoplepoint  
Ceannasaí Feidhme, Peoplepoint  
Comhairleoir AD, Peoplepoint  
Ceannasaí Foirne, Peoplepoint

### **Oifig na nOibreacha Poiblí**

Cigire  
Teicneoir Innealtóireachta Sibhialta Grád II  
Príomh-Stiúrthóir Páirceanna  
Stiúrthóir Páirceanna, Grád II

### **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Measúnóir Leighis

### **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

Bainisteoir Scrúduithe & Measúnaithe  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe - Ceol  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe - Béarla  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe - Fisic  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe - Gearmáinis  
Bainisteoir Measúnaithe Scrúduithe - Ceimic

### **Oifig an Taoisigh**

Cúntóir Eagarthóireachta  
Intéirneacht d'Uachtaránacht an AE

## *Feachtais d'Údaráis Áitiúla*

- Bainisteoir Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Bainisteoir Feidhmiúcháin Innealtóireachta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Gníomhaire Dlí, Comhairle Contae Chiarraí
- Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Chorcaí
- Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Cathrach Chill Dara
- Gníomhaire Dlí, Comhairle Contae na Gaillimhe
- Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Laoise
- Príomh-Oifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae Ros Comáin
- Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae na Mí
- Príomhoifigeach Tréidliachta, Comhairle Contae Chorcaí
- Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Dé-Bhainisteoir/Bainisteoir Ainmnithe, Údarás Áitiúil Luimnigh
- Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Laoise
- Innealtóir Sinsearach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Oifigeach Sinsearach Eolaíochta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Cuntasóir Airgeadais, Comhairle Contae na hIarmhí
- Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae Chill Dara
- Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Dlíodóir Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Bainisteoir Contae na Mí
- Bainisteoir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Ros Comáin

## *Feachtais FnaSS*

- Príomh-Oifigeach Airgeadais
- Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, Bainisteoir Sinsearach Oibríochtaí, Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, FnaSS
- Cuntasóir Sinsearach, Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS), FnaSS
- Cuntasóir Bainistíochta Grád VIII, FnaSS
- Cuntasóir Bainistíochta Cúnta, Ospidéal Contae Ros Comáin
- Stiúrthóir Cliniciúil do Shláinte Béal
- 106 feachtas do phoist éagsúla mar Chomhairligh Ospidéal

## *Feachtais do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile*

- Teagasc – 31 feachtas do speisialtachtaí éagsúla mar Oifigeach Taighde agus mar Theicneoir Taighde
- Ceannasaí Airgeadais, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh
- Príomhoifigeach Oibríochtaí, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh



- Ceannasaí Dearbhú Cáilíochta, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh
- Ceannasaí Beartais agus Pleanála, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh
- Ceannasaí Acmhainní Corparáideacha agus Daonna, An Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Leanaí agus Teaghlaigh
- Bainisteoir Cláraithe agus Aitheantais, CORU
- Bainisteoir TE, CORU
- Breitheamh Míleata, Na Fórsaí Cosanta
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann
- Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta
- Stiúrthóir den Chomhairle Mhúinteoireachta
- Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Solas
- Cigire, HIQA
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin – Coimisiún Forbartha an Iarthair
- Príomhoifigeach, An Bord Pleanála
- Príomhfheidhmeannach – An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
- Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh
- Cláraitheoir, Cumann Cógaisíochta na hÉireann
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin d’Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
- Oiliúnaí le Cosaint Shibhialta
- Sirriam Chontae Chorcaí
- Sirriam Ioncaim
- Sirriam Chontae Bhaile Átha Cliath
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin TEC, An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

## AGUISÍN III

### Torthaí ar Shuirbhé Iarratasóirí agus ar Chaighdeán Seirbhíse eile

#### Toradh Shuirbhé na nIarrthóirí

<b>Comhfhreagras agus Am Feithimh</b>	<b>Ráta Freagraí Dearfacha</b>	<b>Ráta Freagraí Diúltacha</b>
Sástacht le réamh-fhógra maidir leis an agallamh	91%	9%
Sástacht le ham feithimh do thoradh an agallaimh	90%	10%
Sástacht le teanga sa chomhfhreagras	88%	12%
<b>Plé leis an Fhoireann</b>		
Sástacht le leibhéal agus caighdeán an eolais a thug na baill foirne	89%	11%
Sástacht le cuidiú ó na baill foirne	94%	6%
<b>Suíomh gréasáin:</b>		
Éascaíocht úsáide	94%	6%
Caighdeán an eolais	95%	5%

#### Torthaí Shuirbhé Bhaill na mBord

<b>Caighdeán agus Am Feithimh na bPróiseas agus Doiciméadúcháin</b>	<b>Ráta Freagraí Dearfacha</b>	<b>Ráta Freagraí Diúltacha</b>
Doiciméadúchán faighte in am d'ullmhúchán	94%	2%
Sástacht le doiciméadúchán tacaíochta	92%	3%
Sástacht le hoiliúint/nótaí a tugadh	92%	3%
Tugadh dóthain deiseanna d'iarratasóirí a n-oiriúnacht a léiriú	90%	5%
Sástacht le bearta chun rúndacht an phróisis a chinntiú	95%	0.5%
<b>Plé leis an Fhoireann</b>		
Sástacht le seirbhís ón fhoireann	90%	2%

#### Torthaí ar Shuirbhé na gCliant

<b>Riachtanais na gCliant a Chomhlíonadh</b>	<b>Ráta Freagraí Dearfacha</b>	<b>Ráta Freagraí Diúltacha</b>
Sástacht lenár dtuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant	100%	
Sástacht le hamscála chun riachtanais na gcliant a chomhlíonadh	100%	
Sástacht le caighdeán na mball foirne a tugadh dóibh	100%	
Sástacht le fiúntas a cuir PAS leis	100%	
<b>Plé leis an Fhoireann</b>		
Sástacht le caighdeán na comhairle a thug an fhoireann	86%	14%
Sástacht le cuirtéis a léirigh an fhoireann	100%	
Sástacht le héifeachtacht ag plé le ceisteanna	100%	
Sástacht le caighdeán na tacaíochta a tugadh	100%	

## Caighdeán Seirbhíse eile a baineadh amach in 2012

<b>Seirbhís</b>	<b>Caighdeán</b>	<b>Torthaí a Baineadh Amach</b>
<b>Chliant</b>		
Baill foirne riaracháin a sholáthar do Chliant ar iarratas	Painéil in áit do gach grád seirbhíse ginearálta do 80% d'ionaid	Ní raibh aon fheachtas idir-rannach nó OC/OF ann mar gheall ar an mhoratóir
Ceapachán chuig poist Ardbhainistíochta / Ghairmiúla / Theicniúla	80% de na feachtais le críochnú taobh istigh den sprioc-am a comhaontaíodh leis an Chliant (mar chuid de Chomhaontas do Leibhéal Seirbhíse)	Baineadh amach – <i>(ach i gcásanna iontach casta do chomhairligh leighis ina raibh fadhbanna le cead)</i>
	95% de na feachtais – poist líonta	Baineadh amach
Soláthraíodh seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe eile (m.sh. Anailís Poist, cuid den earcaíocht agus den roghnú)	Amscála le comhaontú leis an Chliant ar iarratas mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse	Baineadh amach
<b>Gach Custaiméir</b>		
Suíomh gréasáin oiriúnach, inrochtana agus lán eolais a sholáthar – <a href="http://publicjobs.ie">publicjobs.ie</a>	Ar fáil 99% den am; Seirbhís i bhfeidhm arís taobh istigh de 2 uair a chloig ó tugadh fógra faoin bhriseadh	Baineadh amach
Seirbhís ar ardchaighdeán do gach grúpa a thagann faoin Dlí Comhionannais agus d'iarratasóirí faoi riachtanais speisialta	Rinneadh gach feachtas de réir an dea-chleachtais maidir le comhionannas agus éagsúlacht	Baineadh amach

## AGUISÍN IV

### Achomhairc

#### Achomhairc ag Leibhéal Éagsúla 2012

		<i>Líon a Fuarthas</i>
<i>An Chéad Athbhreithniú</i>	<i>PAS Leibhéal 1</i>	<i>62</i>
	<i>PAS Leibhéal 2</i>	<i>53</i>
<i>An tEadránaí Cinnidh</i>	<i>PAS Leibhéal 3</i>	<i>16</i>

### Léargas ar Úsáid Fuinnimh 2012

Baineann úsáid fuinnimh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle.

Sa bhliain 2012 d'úsáid PAS 1,115 MWh d'fhuinneamh mar leanas:

829.3 MWh leictreachais;  
285.7 MWh de bhreosla iontaise;  
0 MWh de bhreosla in-athnuaite;

### Gníomhaíochtaí a Rinneadh sa bhliain 2012

In 2012 rinne PAS bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar leanas:

- Cuireadh baill foirne ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhráin faoi fhuinneamh a úsáid
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear idirghábhálacha de lámh le rialtán an chórais téimh.

### Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2013

Tá sé beartaithe ag PAS sa bhliain 2013 feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil.
- Idirghabháil a dhéanamh de lámh ar bhun leanúnach ar rialtán an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.
- Tús a chur le clár eile chun fuinneamh a shábháil agus a fháil amach an féidir teicneolaíocht a úsáid sa phlean seo.

## AGUISÍN VI

### CAITEACHAS

Tá caiteachas na bliana 2012 leagtha amach thíos:

	€000
(i) Tuarastal, pá agus liúntais	4,415
(ii) Taisteal agus cothabháil	63
(iii) Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	114
(iv) Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	130
(v) Treallamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha	878
(vi) Costais foirgnimh oifige	354
(vii) Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithniú ar bheartas	14
(viii) Lóistín, fógraíocht agus páipéir scrúdaithe a cheannach agus a phriontáil	362
(ix) Costais agallaimh agus ilchineálacha na gcomórtas	<u>369</u>
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>6,699</b>
<b>Leithreasá i gcabhair</b>	<b><u>370</u></b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b><u>6,329</u></b>

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Áras na Caibidle  
26 – 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

Teileafón: + 353 1 858 7400

Facs: + 353 1 858 7500

Ríomhphost: [info@publicjobs.ie](mailto:info@publicjobs.ie)